



Ag caomhnú an t-am a chuaigh thart, ag munlú an todhchaí  
Plean Straitéiseach  
Bainistíochta 2016 – 2019





# Ábhar

Brollach .....	Lth. 4
Réamhra .....	Lth. 5
Aidhmeanna agus Cuspóirí .....	Lth. 7
An Gréasán Músaem seo againne .....	Lth. 9
Sonraí Teagmhála.....	Lth. 16



LOCAL  
AUTHORITY  
MUSEUMS'  
NETWORK



# Brollach

Bunaíodh an Gréasán Músaem Údarás Áitiúla (LAMN) mar Ghrúpa Coimeádaithe Údarás Áitiúla sna 1990idí chun cur le comhoibriú idir Músaeim Údarás Áitiúla. Ní hamháin go bhfuil ár gcuid músaem tábhachtach maidir le cultúr ábhartha na gcontaethe a chaomhnú; cuireann na bailiúcháin éagsúla le cuimsiú sóisialta is le turasóireacht áitiúil agus is acmhainn luachmhar oideachais iad don phobal. Sa phlean seo díritear ar chur leis na gaiscí úd.

Bunaíodh na Músaeim Údarás Áitiúla anso is ansiúd i gcaitheamh na mblianta agus iad go príomha i ndá bhraisle – ceann amháin fan dteorainn is ceann eile i gCúige Mumhan – tá dhá mhúsaem eile ar leith i gCeatharlach agus i nGaillimh. Ní seanmhúsaeim atá iontu don chuid is mó, ní raibh breis is a leath díobh ann 25 bliain ó shin. Bhí mórán cúiseanna difriúla lena mbunú agus le tamall fada bhí bac ar an nGréasán Músaem Údarás Áitiúla ar an iomlán de dheasca easpa stuchtúr comónta agus acmhainní. Tharla athrú áfach le blianta beaga anuas toisc gur tharla dhá fhorbairt lárnacha a chuir athrú ar thuairimí laistigh den ghréasán.

Ar dtús, le deich mbliana anuas, spreagadh leibhéil ghairmiúlachta in earnáil Mhúsaeim na hÉireann de bharr an Chlár Caighdeán do Mhúsaeim na hÉireann (MSPI) atá ag an gComhairle Oidhreachta. Tá Creidiúnú Eatramhach nó Iomlán ag formhór na músaeim (LAMN) agus creat caighdeán is polasaithe acu mar bhonn faoi na músaeim maidir le deachleachtas. Leathnaigh an córas seo ar fud an ghréasáin; chothaigh sé féinmhuinín agus cuir leis an tsúil a bhí ag gach uile dhuine.

Ina theannta san, toisc brú ar an airgeadas poiblí a bheith ag cur isteach orainn, bhí ar choimeádaithe Údarás Áitiúla díriú ar an gcás – caitheadh dul siar ar spriocanna agus ar mhodhanna len iad a bhaint amach. Spreagadh a bhí san athru úd a chothaigh an Plean Straitéiseach a chruthú agus a phlé – aithnítear sa phlean seo nach neart go cur le chéile agus go mbíonn deiseanna laistiar de na dúshláin.

Mar fhocal scoir, ní tharlódh an plean seo gan obair chruaidh agus an-chuid taistil ar an gcóras poiblí ag coimeádaithe an ghréasáin. Is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhleacaithe as an méid atá déanta acu chun an plean a chur i gcrích. I ndairíre mar dhoiciméad, ní críoch atá ann ach tús nua. Tá súil agam go mbeidh an Gréasán Músaem Údarás Áitiúla mar bhranda suntasach a léireoidh teacht aniar, ábharthacht agus feabhas.

**John Rattigan,**  
Cathaoirleach,  
An Gréasán Músaem Údarás Áitiúla



# Réamhrá

Tá 12 ceann de Mhúsaeim Údarás Áitiúla in Éirinn páirteach sa Ghréasán Músaeim Údarás Áitiúla (LAMN) agus ról riachtanach acu go léir maidir le cúrsaí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch na réigiún éagsúla. Laistigh den LAMN tá Músaeim Chontae Cheatharlach; Músaeim Chontae an Chabháin; Músaeim Chontae an Chláir; Músaeim Poiblí Chorcaí; Músaeim an Chontae, Dún Dealgan; Músaeim Chontae Dhún na nGall; Músaeim Chathair na Gaillimhe; Músaeim Chontae Chiarraí; Músaeim Luimnigh; Músaeim Mhuineacháin; Músaeim Chontae Thiobraid Árann agus Músaeim Seoda Phort Láirge.

Bíonn ról beo gníomhach ag údarás áitiúla na hÉireann maidir le cultúr agus oidhreacht a chur chun cinn is a chaomhnú, rud a chinntíonn an caighdeán beatha is fearr do na pobail áitiúla. Trí na seirbhísí músaeim neartaítear an pobal trí bhéim ar an dtábhacht atá le haitheantas áitiúil agus mórtas ceantair. Dá bharr san cuirtear le gníomhaíocht eacnamaíoch sna ceantair ar bhonn inmharthana. Oibríonn na músaeim údarás áitiúla i gcomhar le seirbhísí údarás áitiúla ar an iomlán, le heagraíochtaí eile sna réigiúin, le ranna rialtais agus gan dabht leis an bpobal féin.

Le chéile freastalaíonn na músaeim údarás áitiúla ar dhaonra breis is 1.8 milliún duine, tagann breis is leathmhilliún cuairteoirí in aghaidh na bliana agus téitear i bhfeidhm go mór ar scoileanna, ar phobail agus ar eagraíochtaí deonacha ar fud na tíre. Bíonn ról nach beag acu leis ó thaobh turasóireachta

de idir áitiúil is réigiúnach agus tacaítear le haitheantas cultúrtha agus iomhá na hÉireann do chuairoteoirí ón iasacht. In ainneoin na ndúshlán eacnamaíochta a bhí roimh na hudarás áitiúla le tamall de bhlianta, léirigh siad teacht aniar, cruthaitheacht agus samhlaíocht ionas go bhfuil áit larnach anois acu i measc pobal áitiúla na hÉireann. Trín saothar úd, dhaingnigh na hudarás áitiúla mórtas ceantair mar bhí cur chuige i bpáirt acu a bhí cuimsitheach agus nuálach. Cruthaíodh gníomhaíochtaí spreagúla idir oideachasúla is for-rochtana is léiríodh saibhreas staire agus seandálaíochta na háite do chách i bhfad is i gcéin.

I measc bailiúchán saibhre na músaeim údarás áitiúla tá samplaí seandálaíochta agus stairiúla atá fíorshuimiúil is uathúil agus mórán slite chun taitneamh nó tairbhe a baint astu. I ngach aon cheann díobh ar fud na tíre bíonn samhlaíocht ag baint le taispeántais agus ócáidí, is tionchar chun maitheasa iad mar is minic a bheireann siad dreamanna éagsúla le chéile agus cuirtear le pobail chomhtháite. Grúpa eagraíochtaí profisiúnta is ea LAMN agus bua suntasach acu is ea a bheith in ann smaoineamh ar chlair nuálacha difriúla chun dul i dteagmháil le pobail, is cuma cen aois nó cúlra a bhíonn acu.

Bíonn ról riachtanach ag LAMN maidir le hoidhreacht seandálaíochta a chaomhnú. Músaeim ainmnithe is ea baill LAMN faoi Alt 68 (2) den Acht Institiúidí Náisiúnta Cultúrtha, 1997. Faoin reachtaíocht úd tá ceart de réir dlí ag gach Músaeim nithe seandálaíochta a choimeád



ar son an Stáit. Ní ligeann Ard-Mhúsaem na hÉireann nithe amach ar iasacht ach amháin do mhúsaeim a bhíonn ainmnithe faoin Acht.

Díríonn baill LAMN ar na caighdeáin is fearr a bhaint amach i ngach aon ghné den saothar. Oibríonn an Clár Caighdeán do Mhúsaeim na hÉireann faoi scáth na Comhairle Oidhreachta chun caighdeáin a ardú i músaeim agus dánlanna na hÉireann. Leagtar síos agaus cuirtear chun cinn caighdeáin phroifisiúnta um chúram bailiúcháin agus tugtar aitheantas dóibh siúd in earnáil mhúsaeim na hÉireann a shroicheann na caighdeáin chuí. Tacaíonn LAMN go hiomlán leis an gclár agus tá Creidiúnú bainte amach ag na baill idir Choimeád, Iomlán agus Eatramhach.

Tá an Gréasán Músaem Údarás Áitiúla anois i mbun straitéis a leagan amach go ceann tamaill. Sa Straitéis seo tógfar ar na gaiscí atá déanta cheana féin agus díreofar ar mhodhanna chun ár ról a neartú is a fhorbairt ar bhonn inmharthana i dtreo taitneamh a thabhairt don phobal sa toadhcháil. I measc buaicphointí na straitéise beidh: scrúdú ar shlite chun leas a bhaint as teicneolaíocht chun bailiúcháin a chur i láthair do phobail nua; saothrú i bpáirt chun ról soiléir a ghlacadh sa Deich mBliana Comóradh Céad Bliana agus 1916; deiseanna comhoibriú trín gclár nua maoinithe EU a fhiosrú; leanúint de chomhair a bhunú le páirtithe leasmhara lárnacha chun an misean atá againn a chur i gcrích.



Ag déanamh ime le linn Seachtain Oidhreachta i Músaem Chontae Dhùn na nGall



# Aidhmeanna agus Cuspóirí

## Ráiteas Misin

Gréasán proifisiúnta náisiúnta is ea sinn ina bhfuil institiúidí cultúrtha ainmnithe atá bunaithe ar bhailiúcháin. Molaimid agus cuirimid chun cinn saibhreas ildánach ár gcuid músaem idir sheandálaíocht agus stair chun taitneamh a thabhairt agus chun dul i dteagmháil leis na pobail a mbíimid ag freastal orthu.

## Aidhmeanna Straitéiseacha

- Próifíl an LAMN a neartú is a mhéadú
- An leas is fearr a bhaint as acmhainn ár mballiúchán idir sheandálaíocht agus stairiúil chun taitneamh is oideachas a thabhairt don phobal
- Tacú le ceisteanna a bhaineann le hábhar agus páirtíochtaí a bhunú le dreamanna eile

## Aidhm Straitéiseach 1:

*Próifíl an LAMN a neartú is a mhéadú*

### Gnímh

- 1.1 An leas is fearr a bhaint as na meain sóisialta mar ardán chun eolas a scaipeadh faoinár saothar
- 1.2 Cur le feasacht ar an ngréasán trí mheadú ar an úsáid a bhaintear as lógó LAMN i measc na mball agus cur le deiseanna ar mhargaíocht i bpáirt (m.sh.: deis coinneála i ngach músaem do bhileoga LAMN)
- 1.3 Struchtúr an ghréasáin a neartú trí bhunreacht agus plean gnímh a fhorbairt, taighde ar intéarnachtaí JobBridge agus féachaint arís ar tháillí ballraíochta
- 1.4 Taighde agus fiosrú a dhéanamh maidir le deiseanna nua maoinithe AE a thacódh le comhchláir um chomhoibriú Thuaidh-Theas agus Eorpach



### Aidhm Straitéiseach 2:

*An leas is fearr a bhaint as acmhainn ár mbailiúchán idir sheandálaíoch agus stairiúil chun taitneamh is oideachas a thabhairt don phobal*

#### Gnímh

- 2.1 Cur chuige comhordaithe coitianta a bheith sa bhaint a bheidh againn leis an Deich mBliana Comóradh Céad Bliana trí clár so-aitheanta gníomhaíochtaí m.sh.: Seoladh Staráí Óg na Bliana.
- 2.2 Lá Oscailte LAMN a eagrú chun ár gcuid bailiúchán a thaispeáint don phobal atá cheana againn agus do phobail nua
- 2.3 Tógáil ar an rath a bhí ar thaispeántais go dtí seo m.sh.: Taispeántas Aois na hÓige trí mhianach comhthaispeántas a scrúdú
- 2.4 Gníomhaíochtaí agus mianach turasóireacht an ghréasáin a léiriú go soiléir agus a fhorbairt trí chaidreamh le dreamanna cuí mar Fáilte Ireland
- 2.5 Plean a fhorbairt chun comhriasachtaí a chur i bhfeidhm idir baill an ghréasáin

### Aidhm Straitéiseach 3:

*Tacú le ceisteanna a bhaineann le hábhar agus páirtíochtaí a bhunú le dreamanna eile*

#### Gnímh

- 3.1 Caidreamh a bhunú is a fhorbairt le ranna cuí rialtais
- 3.2 Caidreamh le hArd-Mhúsaem na hÉireann a neartú agus san áireamh bheadh Cód Cleachtais maidir le hiasachtaí, taispeántais 7rl.
- 3.3 A chinntiú go mbíonn go leor ionadaíocht ag LAMN ar eagraíochtaí agus gréasáin mar Cumann Músaem na hÉireann; ICOM; Grúpa an Roinn Oideachais um athbhreithniú ar churaclam staire sa Timthriail Sóisearach
- 3.4 Sonraí a chur le chéile is a bhailiú chun aird a tharraingt ar thionchar sóisialta agus eacnamaíoch LAMN; san áireamh bheadh líon fostaithe agus cuairteoirí, gníomhaíochtaí do scoileanna is do ghrúpaí pobail 7rl.
- 3.5 Naisc atá cheana féin ann le heagraíochtaí cuí a fhorbairt agus gréasáin nua a chruthú le heagraíochtaí agus dreamanna cuí ar bhonn trasteorann.
- 3.6 Cur go gníomhach le forbairtí cuí polasaí náisiúnta trí pháirtíochtaí agus aighneachtaí m.sh.: Cultúr 2025





# An Gréasán Músaem seo againne



Músaem Chontae Cheatharlach



Taispeántas ar urlár na talún, Músaem Chontae Cheatharlach



Músaem Chontae an Chabháin

## Músaem Chontae Cheatharlach

Is é Músaem Chontae Cheatharlach an músaem údarás áitiúla is déanaí in Éirinn. Tá an Músaem anois faoi chúram Chomhairle Chontae Cheatharlach ach bhunaigh Cumann Stair agus Seandálaíocht Cheatharlach ar dtús é i 1973 ar bhonn deonach. Tá baill an dá eagraíocht ar bhord an Mhúsaem chun polasaí a chruthú. Osclaíodh an t-áras nua i 2012 agus tá saorchead isteach ó cheann ceann na bliana. Tá Músaem an Chontae suite i gClochar na Toirbhirte, mar a bhí, ar Shráid an Choláiste, Baile Cheatharlach. Tá ceithre áiléar ann (ceann amháin sealadach) a léiríonn achoimre ar stair agus oidhreacht an chontae. Tá an t-áras in áit mhaith oiriúnach i lár an bhaile agus san ionad céanna tá an Oifig Turasóireachta agus an Lárleabharlann. Músaem 'Ainmnithe' is ea é ag Ard-Mhúsaem na hÉireann.

## Músaem Chontae an Chabháin

Foirgneamh fíorálainn ón 19ú aois is ea Músaem Chontae an Chabháin, é ar láthair iontach mar a bhfuil fearann mór leathan i measc lochanna agus droimníní an Chabháin Thoir. Sa Mhúsaem seo tá cultúr ábhartha Chontae an Chabháin agus na dúthaí máguaird. I measc a bhfuil le feiceáil ann tá an crann snámha 1,000 bliain d'aois ó Loch Oirill, an ceann Réamh-Chríostaí ó Chorr Leice ar a bhfuil trí aghaidh agus samplaí Síle-na-gCíoch ó na meánaoiseanna. Riantar scéal an Chumann Lúthchleas Gael sa Chabháin chomh maith le saol na ndaoine agus cúrsaí oidhreachta. Tá bailiúcháin An Gorta Mór agus Fearnán ar taispeáint leis. Tugtar léargas ar an Dara Cogadh Domhanda trí Thaispeántas agus Taithí Trínse an Chabháin. Is í an Taithí Trínse seo an tsamhail faoin aer is mó dá leithéid in Éirinn nó sa Ríocht Aontaithe atá oscailte don phobal.



Músaem Chontae an Chabháin



Músaem Poiblí Chorcaí



Músaem Chontae an Chláir

## Músaem Chontae an Chláir

Bunaíodh Músaem Chontae an Chláir in Inis sa bhlian 2000 i gClochar na Trócaire mar a mínítear stair Chontae an Chláir le 6,000 bliain anuas. Tá taispeántas buan ar a dtugtar Saibhreas an Chláir a chuimsíonn mórán airteagal atá ar iasacht ó Ard-Mhúsaem na hÉireann. Tá suíomh an-mhaith idirlín againn a ligeann do theacht ar an mbailiúchán, feictear na céadta grianghrafanna d'airteagail dá bhfuil cuid díobh fós i dtaisce. Tá Creidiúnú Eatramhach ag an Músaem faoin gClár Caighdeán do Mhúsaeim na hÉireann.



Saothar Seandálaí i Músaem Chontae an Chláir

## Músaem Poiblí Chorcaí

Tá an Músaem suite i dTigh Seoirseach dhá stór i bPáirc an Ghearltaigh i gCathair Chorcaí. Sna bailiúcháin atá i Músaem Poiblí Chorcaí, clúdaítear stair eacnamaíoch, sóisialta agus bardasach na cathrach agus na dúthaí máguaird ón dtréimhse Méasailiotach anuas. Is fiú suntas a thabhairt do bhailiúcháin bhreátha Airgead Chorcaí, Gloine Chorcaí agus Lása Snáthaide Eochaille.



Taispeántais i Músaem Poiblí Chorcaí



Taispeántais i Músaem Poiblí Chorcaí



*Músaem Chontae Dhún na nGall*

## Músaem Chontae Dhún na nGall

Tá Músaem Chontae Dhún na nGall suite i gcuid de Sheanteach na mBocht i Leitir Ceanainn a tógadh i 1846. Tá dhá ghailearaí taispeántais ann. Gach bliain reachtáiltear sraith taispeántas sealadach ar réimse leathan ábhar ar urlár na talún. Ar an gcead urlár rianaítear stair Dhún na nGall ón gClochaois go dtí an Fichiú Aois. Féadfaidh teaghlaigh agus leanaí an pacáiste staire Bleachtaire Mhúsaem Dhún na nGall a fháil ar iasacht saor in aisce fad is atá siad ar cuairt againn. Taispeántar fad breis is 100 uair a chloig d'ábhar scannán a chuimsíonn Cartlann Scannán an Iarthuaiscirt agus Cartlann na nOileán. Ina theannta san go léir eagraítear clár cuimsitheach gníomhaíochtaí agus ócáidí i rith na bliana, cuid díobh sa Mhúsaem féin agus cuid eile in ionaid éagsúla sa chontae. Tá an dá Chreidiúnú, Iomlán agus Coimeád, ag Músaem Chontae Dhún na nGall faoin gClár Caighdeán do Mhúsaeim na hÉireann.



*Bleachtairí Mhúsaem Chontae Dhún na nGall ag lorg eolais*



*Músaem an Chontae, Dún Dealgan*

## Músaem an Chontae, Dún Dealgan

Músaem Ainmnithe is ea Músaem an Chontae, Dún Dealgan agus é faoi chúram Chomhairle Contae Lú. Osclaíodh an músaem i 1994; tá sé ar na músaeim is mó sa tír agus rianaítear ann stair Chontae Lú idir thionsclaíoch, cultúrtha agus seandálaíoch. Mar Mhúsaem Ainmnithe tá sé ar an ngrúpa beag Músaem sa tír a roghnaíodh chun airteagail a fháil ar iasacht ón mBailiúchán Náisiúnta agus glacadh leo.

Tá an Músaem mórálach as breis is 60,000 airteagal a choimeád. Feictear rudaí a thaitníonn go mór le daoine mar an gluasteán Heinkel agus tobac ón Ind chomh maith le rudaí comónta mar ranna saighde déanta de bhreochloch agus ábhar tí. Meabhraíonn an Músaem réimse leathan téamaí mar sheandálaíocht, stair agus geolaíocht Chontae Lú maraon le saol tionsclaíoch, sóisialta agus cultúrtha an cheantair ar feadh tréimhse 5,000 bliain.



*An déantús is mó éilimh i Músaem an Chontae, gluasteán Heinkel a rinneadh i nDún Dealgan i ndeireadh na 50idí*



*Músaem Chathair na Gaillimhe*

## Músaem Chathair na Gaillimhe

Bunaíodh Músaem Chathair na Gaillimhe i 1976 agus ar dtús bhíodh sé i dTeach Comartún taobh leis an Áirse Spáinneach.

Osclaíodh Músaem nua Chathair na Gaillimhe go hoifigiúil mí Aibreáin 2007. Dhearaigh Oifig na nOibreacha Poiblí an t-áras mar thionscadal ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun cur le saol Chathair na Gaillimhe idir chultúr agus oidhreacht. Foirgneamh scópúil nua-aimseartha is ea an Músaem, é suite i lár na cathrach ar bhruach na Coiribe lastuas den Áirse cháiliúil Spáinneach. Bíonn taispeántais idir bhuan agus taistil le feiceáil ann agus saibhreas na Gaillimhe á léiriú idir sheandálaíocht, oidhreacht agus stair.



*Taispeántais i Músaem Chathair na Gaillimhe*



*Músaem Chathair na Gaillimhe*



*Músaem Chontae Chiarraí*

## Músaem Chontae Chiarraí

Osclaíodh Músaem Chontae Chiarraí i Halla an Ághasaigh i lár baile Thrá Lí i 1991. Is ann atá an Taithí Mheánaoiseach a chruthaíonn radhairc, fuaimeanna agus bolaithe an bhaile mar a bhíodh. Tá an gailearaí buan leis ann do sheandálaíocht agus stair an chontae maraon le spás faoi leith a ghlacann le taispeántais ollmhóra ó am go chéile. Tá sé mar mhisean againn ligean don phobal taithí a fháil ar chultúr agus oidhreacht Chontae Chiarraí trí thaighde ar stair ábhartha an chontae, trín í a bhailiú, a chaomhnú agus a léiriú i dtreo taitneamh, oideachas agus leas do chách a thagann chugainn.



*Ag scrúdú cnámh, Músaem Chontae Chiarraí*



*Taithí Mheánaoiseach, Músaem Chontae Chiarraí*



*Priaireacht na bProinsiasánach, áras nua do Mhúsaem Luimnigh ó Earrach na bliana 2016*

## Músaem Luimnigh

Luaitear Músaem Luimnigh don chéad uair chomh fada siar le rátaí cathrach na bliana 1906 ach níor osclaíodh é go dtí 1916. Roimh 1970 bhí sé sa Leabharlann Carnegie agus, tar éis di a bheith dúnta ar feadh tamaillín, bogadh go háras nua ar Chearnóg Naomh Eoin i 1979. D'aistrigh sé arís go foirgneamh taobh le Caisleán Rí Sheáin i 1999 mar a raibh sé go dtí 2012. Agus athfhorbairt ar siúl ansin sa Chaisleán bhí áras sealadach acu i Halla na Cathrach. Tá sé i gceist an Comóradh Céad Bliain a cheiliúradh in áras nua, eaglais agus priaireacht na bProinsiasánach mar a bhí. Téann an Músaem i gcomhar le Cartlanna Luimnigh ar son taispeántais a chur ar siúl. Tá catalóg iomlán an Mhúsaeim le feiscint ar an suíomh [museum.limerick.ie](http://museum.limerick.ie)



*Taispeántas míleata "Stand up and fight", Músaem Luimnigh, 2015*



*An taispeántas lása, Músaem Luimnigh*



*Músaem Chontae Mhuineacháin*

## Músaem Chontae Mhuineacháin

Nuair a osclaíodh Músaem Chontae Mhuineacháin i 1974 bhí sé ar an gcéad mhúsaem údarás áitiúla sa tír ina raibh foireann lánaimseartha phroifisiúnta. Le breis is dachad bliain anuas tá an fhoireann ag obair chun éagsúlacht chultúrtha agus saibhreas stairiúil an réigiúin a chur chun cinn agus í a bhreith chuig pobal mór leathan chomh fada agus ab fhéidir é.

I mbailiúchán fairsing an mhúsaeim clúdaítear stair an chontae ó tháinig deireadh leis an Oighearaois deiridh go dtí an lá atá inniu ann. Fuarthas luach saothair de bharr seirbhís ardchaighdeán ó am go chéile. Sa bhliain 1980 bhuaigh an músaem Duais Chomhairle na hEorpa de bharr feabhas maidir le plé leis an bpobal, ní bhfuair aon mhúsaem eile sa tír an gradam úd ach Músaem Chontae Mhuineacháin. Léirítear gairmiúlacht na foirne freisin toisc gur bronnadh gradaim sheirbhíse orainn mar an Cúram is fearr Bailiúchán i 1993 agus arís i 2004 ó Ghradam Mhúsaem Éireannach na Bliana.

I 2008 bhí Músaem Chontae Mhuineacháin ar an gcéad Mhúsaem Údarás Áitiúla a bhain creidiúnú iomlán faoin gClár Caighdeán do Mhúsaeim na hÉireann. Is léir ó na gradaim chluíteacha céanna go bhfuil an Músaem seo ar phríomhláithreacha chultúrtha na tíre.



An gradam um chreidiúnú iomlán faoin gClár Caighdeán do Mhúsaem na hÉireann (MSPI) á bhronnadh ar fhoireann an Mhúsaem



Áras Mhúsaem Chontae Thiobraid Árann, an chéad Mhúsaem Údarás Áitiúil a tógadh go speisialta chuige sin i 2000.



Roinnt nithe ó bhailiúcháin mhíleata Mhúsaem Chontae Mhuineacháin

## Músaem Chontae Thiobraid Árann

Bunaíodh bailiúchán Mhúsaem Chontae Thiobraid Árann sna 1940idí is é ar an gcéad Mhúsaem Údarás Áitiúla a tógadh go speisialta chuige sin, cuireadh i lár cathartha Chluain Meala é i 2000. Ar an iomlán tá 30,000 airteagal ann idir mhíndána, dealbhóireacht, an saol sóisialta, polaitíocht, creideamh, spórt, siamsaíocht, cúrsaí míleata, tionsclaíocht agus sean-nósanna an chontae. Tá dhá ghailearaí faoi rialú timpeallachta, cuid den bhailiúchán buan i gceann amháin agus taispeántais taistil sa cheann eile. Tá stóras agus saotharlann chaomhnaithe leis ann. Tá gradaim faighte ag an Músaem de bharr tiomantas don bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, ceardlanna agus taispeántais phobail. Bíonn sraith bhliantúil léachtaí, tionscnamh oidhreachta do scoileanna, campaí meánaoiseacha, ceardlanna bunaithe ar an mbailiúchán agus tionscadail phobail. Bíonn saorchead isteach sa Mhúsaem.



Campa Samhraidh Bliantúil Seandálaíochta, Músaem Chontae Mhuineacháin



Ag foghlaim Pionsóireachta ag an gCampa Meánaoiseach a d'eagraigh Músaem Chontae Thiobraid Árann le linn Féile Chluain Meala



## Músaem Seoda Phort Láirge



### Túr Reginald –

#### Seoda Phort Láirge Uigingeach

Is é Túr Reginald an séadchomhartha is suntasaí i bPort Láirge agus an foirgneamh cathartha is sine in Éirinn. Laistigh den túr tá taispeántas buan mar a bhfuil seoda Phort Láirge Uigingeach, san áireamh tá cláíomh ón 9ú aois, airm ó uaigh laoch Uigingeach agus an Bróiste aoibhinn Cúr Phort Láirge atá ar an sampla is fearr den mhíotalóireacht tuata ar ór nó ar airgead in Éirinn. Tá an Túr faoi chúram Oifig na nOibreacha Poiblí.



### Pálás an Easpaig –

#### Seoda Phort Láirge Seoirseach

Caomhnaíodh Pálás an Easpaig ar Chearnóg na hArdeaglaise i 2010/11 agus osclaíodh é mar mhúsaem mí an Mheithimh 2011, léirítear seoda Phort Láirge idir Sheoirseach agus Victeoiriach. Leagadh amach an chéad dá urlár mar thigh stairiúil mar a bhfuil taispeántais ghloine, airgid, troscáin agus péintéireachta ón 18ú aois. Buaic is ea an píosa gloine Phort Láirge is sine ar domhan. Ar an dara urlár tagann deireadh le scéal Phort Láirge sa bhliain 1970 is tú ag féachaint ar bhróga an Hucklebuck.



### Músaem Meánaoiseach –

#### Seoda Phort Láirge Meánaoiseach

Is é Seoda Phort Láirge Meánaoiseach an t-aon mhúsaem meánaoiseach in Éirinn a tógadh go speisialta chuige sin. Cuid den mhúsaem is ea Halla na gCórchantairí ón 13ú aois agus siléar fíona ón 15ú aois, meabhraítear aois an chreidimh agus na cúirtéise. Sna gailearaithe feictear seoda móra na hÉireann agus na hEorpa ó na meánaoiseanna, san áireamh tá Rolla Mór Cairt Phort Láirge (1373) atá ceithre mhéadar ar fhad is é soilsithe chomh maith le héide sómasach éadach-an-óir (1460).



# Sonraí Teagmhála:

## Músaem Chontae Cheatharlach -

Dermot Mulligan

**Seoladh:** Músaem Chontae Cheatharlach,

Sráid an Choláiste, Ceatharlach,

R93 E3T2

**Teil:** 059 9172492 / 9170300

**R-phost:** museum@carlowcoco.ie

**Suíomh:** www.carlowcountymuseum.ie

## Músaem Chontae an Chabháin -

Savina Donohoe

**Seoladh:** Músaem Chontae an Chabháin,

Bóthar Achadh an Iúir, Baile Shéamais Dhuibh,

Co. an Chabháin

**Teil:** 049 8544070

**R-phost:** ccmuseum@eircom.net

**Suíomh:** www.cavanmuseum.ie

## Músaem Chontae an Chláir - John Rattigan

**Seoladh:** Músaem Chontae an Chláir,

Rae Artúr, Inis, Co. an Chláir

**Teil:** 065 6823382

**R-phost:** claremuseum@clarecoco.ie

**Suíomh:** www.clarelibrary.ie/eolas/claremuseum/

## Músaem Poiblí Chorcaí – Stella Cherry

**Seoladh:** Músaem Poiblí Chorcaí,

Páirc an Ghearltaigh, An Mhairdíog, Corcaigh.

**Teil:** 021 4270679

**R-phost:** museum@corkcity.ie

**Suíomh:** www.corkcity.ie/services/  
corporateandexternalaffairs/museum

## Músaem an Chontae, Dún Dealgan -

Brian Walsh

**Seoladh:** Músaem an Chontae,

Ionad Uí Chearbhaill, Sráid Jocelyn, Dún Dealgan

**Teil:** 042 9392999

**R-phost:** info@dundalkmuseum.ie

**Suíomh:** www.dundalkmuseum.ie

## Músaem Chontae Dhún na nGall -

Judith McCarthy

**Seoladh:** An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn,

Co. Dhún na nGall

**Teil:** 074 9124613

**R-phost:** museum@donegalcoco.ie

**Suíomh:** www.donegalcoco.ie/culture/  
countymuseum

## Músaem Chathair na Gaillimhe - Eithne Verling

**Seoladh:** Músaem Chathair na Gaillimhe,

Spanish Parade, Gaillimh

**Teil:** (091) 532 460

**R-phost:** museum@galwaycity.ie

**Suíomh:** www.galwaycitymuseum.ie

## Músaem Chontae Chiarraí - Helen O'Carroll

**Seoladh:** Músaem Chontae Chiarraí, Halla an

Ághasaigh, Sráid Deíní, Trá Lí, Co. Chiarraí

**Teil:** 066 712 7777

**R-phost:** info@kerrymuseum.ie

**Suíomh:** www.kerrymuseum.ie

## Músaem Luimnigh - Brian Hodkinson

**Seoladh:** Músaem Luimnigh, Cé na gCeanaithe,

Luimneach agus ó Cháisc 2016 – Músaem

Luimnigh, Prialrecht na bProinsiasánach, Sráid

Anraí, Luimneach

**Teil:** 061 417826

**R-phost:** museum@limerick.ie

**Suíomh:** www.limerick.ie/historicalresources/  
limerickmuseum

## Músaem Chontae Mhuineacháin - Liam Bradley

**Seoladh:** Músaem Chontae Mhuineacháin, 1-2

Sráid an Chnoic, Muineachán, Co. Mhuineacháin

**Teil:** 047 82928

**R-phost:** comuseum@monaghancoco.ie

**Suíomh:** www.monaghan.ie/museum

## Músaem Chontae Thiobraid Árann -

Marie McMahon

**Seoladh:** Músaem Chontae Thiobraid Árann,

Cearnóg Mick Delahunty, Cluain Meala, Co.

Thiobraid Árann

**Teil:** 076 1065000

**R-phost:** museum@tipperarycoco.ie

**Suíomh:** www.tipperarycoco.ie/museum

## Seoda Phort Láirge - Eamonn McEaney

**Seoladh:** Músaem Seoda Phort Láirge, Tigh an

Easpaig, An Meal, Port Láirge

**Teil:** 051 840650

**R-phost:** emceneaney@waterfordcouncil.ie

**Suíomh:** www.waterfordtreasures.com